# 3 Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid

**3.1** Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do sheirbhísí ranna agus oifigí rialtais

- le meastacháin ar fháltais agus ar chaiteachas do na seirbhísí sin a fhaomhadh i rith gach bliana
- le héifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

**3.2** Déantar foráil maidir le caiteachas faoi 'vótaí', le ceann amháin nó níos mó ag clúdach feidhmeanna gach roinne nó oifige. Sa chéad chuid den mheastachán do gach vóta (dá ngairtear an raon) tugtar breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Tá an raon ina chuid den Acht Leithreasa bliantúil agus mar sin léiríonn sé na críocha ar údaraigh Dáil Éireann cistí dóibh.

**3.3** Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, do gach seirbhís vótáilte a riarann sí. Is é an riachtanas reachtúil ná go ndéanfaidh an cuntas leithreasa an toradh don bhliain a thuairisciú i gcomparáid leis an méid a sholáthraíonn Dáil Éireann.

**3.4** Chomh maith le seirbhísí vótáilte, riarann roinnt ranna rialtais cistí reachtúla. De ghnáth, maoinítear iad seo ó fhoinsí eile seachas an Lárchiste agus dá bhrí sin, ní dhéanann Dáil Éireann 'vótáil' ar an maoiniú sin. Is samplaí iad seo de chistí den sórt sin agus a bpríomhfhoinsí ioncaim

- Ciste Árachais Shóisialaigh (ranníocaíochtaí ÁSPC)
- Ciste Rialtais Áitiúil (fáltais chánach maoine áitiúla)
- Ciste Oiliúna Náisiúnta (fáltais ó thobhach an chiste oiliúna agus ó dheontais AE)
- Ciste Comhshaoil (tobhaigh ar mhálaí plaisteacha agus ar líonta talún).

**3.5** Agus meastacháin agus tuarascálacha ar chaiteachas vótáilte á gcur i láthair, cuimsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh (€9.7 billiún i meastacháin 2019) agus an Ciste Oiliúna Náisiúnta (€486 milliún i meastacháin 2019) san ollchaiteachas iomlán **vótáilte**. Measann an Roinn go dtugann sé seo pictiúr níos iomláine de chaiteachas foriomlán an Rialtais.

## Torthaí iniúchtaí 2019 ar chuntais leithreasa

**3.6** Tá iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2019 do gach vóta curtha i gcrích. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil iniúchta ghaolmhar, á chur i láthair Dáil Éireann leis an tuarascáil seo.

## Leithreasaí


**3.7** Tá achoimre ar na méideanna a leithreasaíodh in 2019 do sheirbhísí poiblí vótáilte le fáil in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.1). Taispeántar an toradh don bhliain freisin, mar aon le barrachas na leithreasaí thar chaiteachas.

**3.8** B'ionann an méid deiridh a leithreasaíodh do sheirbhísí poiblí in 2019 agus €57.4 billiún. Cuimsíodh anseo deontais soláthair dar luach €54.6 billiún, €93 milliún san iomlán de mhaoiniú caipitil a tugadh anonn ó 2018 agus €2.7 billiún de leithreasaí i gcabhair.

## Toradh an vóta

**3.9** Cuirtear caiteachas comhiomlán agus leithreasaí i gcabhair ar na vótaí uile do na blianta 2011 go 2019 i láthair i bhFíor 3.1. B'ionann an méid iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2019 agus €56.9 billiún (ollchaiteachas). Tar éis asbhaintí i gcabhair réadaithe a asbhaint dar luach €2.9 billiún san iomlán, b'ionann an glanchaiteachas sa bhliain agus €54 billiún.

**Fíor 3.1 Toradh an chaiteachais vótáilte, 2011 go 2019**




Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2011 go 2019, Iarscríbhinn 3A


### *Barrachais*

**3.10** Ní cheadaítear do ranna ná d'oifigí níos mó ná an méid a leithreasaítear do gach vóta a chaitheamh. Nuair a bhíonn an caiteachas sa bhliain níos lú ná an méid a soláthraíodh, dlífear an barrachas a ghéilleadh don Státchiste.

**3.11** Bhainistigh na ranna agus na hoifigí go léir an caiteachas laistigh dá leithdháiltí foriomlána vótáilte in 2019 agus taifeadadh barrachais le gach vóta.

**3.12** B'ionann barrachais 2019 agus €676 milliún (féach ar Fíor 3.2). Den mhéid sin, ceadaíodh €215 milliún san iomlán le tabhairt ar aghaidh go dtí 2020.[1] Bhí an t-iarmhéid de €461 milliún dlite le géilleadh. Taispeántar na suimeanna atá faoi dhliteanas a ngéillte nó a dtugtha anonn go 2020 do gach vóta in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.2).

**Fíor 3.2 Leithreasaí barrachais, 2011 go 2019**





Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2011 go 2019, Iarscríbhinn 3A

1 is ionann ceithre vóta — Iompar, Turasóireacht agus Spórt; Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta; Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil; agus Sláinte — agus beagnach trí cheathrú den iomlán a tugadh anonn thar gach vóta.

## Athraitheacht bhuiséid

**3.13** Léiríonn méid an mheastacháin bhunaidh a cheadaigh Dáil Éireann do 2019 an réamhaisnéis ar an méid a theastaíonn chun costas na seirbhísí atá le soláthar ó gach vóta a íoc. Is é an athraitheacht bhuiséid an difríocht idir an meastachán bunaidh ar ghlanchaiteachas agus an toradh iarbhír i mbliain.[1] Ó 2016, bhí an glanchaiteachas ar fud na vótaí go léir níos lú ná an t-iomlán a soláthraíodh (féach ar Fíor 3.3). Ba é an gannchaiteachas in 2019 0.1% den mhéid buiséadaithe bunaidh.

**Fíor 3.3 Athraitheacht ghlanchaiteachais ón mbuiséad bunaidh, gach vóta, 2006 go 2019**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Athraitheacht bhuiséid de réir an vóta*


**3.14** Ba iad na trí vóta leis an nglanathraitheas airgeadaíochta is mó in 2019 ná Sláinte (€303 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh), Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor (€110 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh), Cumarsáid, Gníomhú ar son na h Aeráide agus Comhshaol (€86 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh).

**3.15** In Fíor 3.4 leagtar amach, do gach vóta, an t-athraitheas comhréireach idir caiteachas iarbhír agus an meastachán bunaidh in 2019.

- Le haghaidh ocht vótaí, bhí toradh an ghlanchaiteachais níos mó ná an meastachán bunaidh. Bhí an céatadán is mó de róchaiteachas ag Oifig an Aire Airgeadais, ag 48%, i gcomparáid lena meastachán bunaidh.
- Thabhaigh an 34 vóta eile glanchaiteachas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús sna meastacháin athbhreithnithe. Ba ag an gCoimisiún Achomhairc Chánach, ag 46%, a bhí an céatadáin is mó de ghannchaiteachas i gcomparáid lena mheastachán bunaidh.
- Mínítear i ngach cuntas leithreasa difríochtaí ábhartha ón méid a vótáil Dáil Éireann ar dtús. Soláthraítear mínithe ar gach fo-cheannteideal caiteachais sa chás go bhfuil an toradh ± 5% ar a laghad (± 25% i gcás fo-cheannteideal riaracháin) difriúil ón méid a sholáthraítear, agus ± €100,000 ar a laghad.

1 Tá foráil reachtúil ann go gceadófar leithdháiltí caipitil neamhchaite a thabhairt anonn go dtí an bhliain dar gcionn lena n-úsáid chun na críche céanna, le comhaontú na Roinne Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí. Sa tuarascáil seo, láimhseáiltear méideanna dá leithéid a tugadh anonn mar chuid de leithreasaí bliantúla (na bliana dar gcionn) de chuid na roinne.

**Fíor 3.4 Athraitheacht glanchaiteachais de réir vóta, mar chion den bhunbhuiséad, 2019**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Athraithis a mhaoiniú*

**3.16** Nuair a cheadaíonn an Dáil meastachán vóta, déantar ar an leibhéal comhiomlán é. Tugtar roinnt scóipe do ranna buiséid a bhainistiú trí leithdháiltí a aistriú idir cláir agus fo-cheannteidil, ach sin i gcás go n-aontaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis, agus sa chás sin amháin. Tugtar vírmint ar an bpróiseas seo chun maoiniú a ath-leithdháileadh.

**3.17** Má theastaíonn coigeartuithe móra ar na buiséid do chláir nó d'fho-cheannteidil de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh, caithfear cead faomhadh foirmiúil a lorg ón Dáil. Déantar é seo tríd an bpróiseas 'meastachán forlíontach'. Féadfar an próiseas seo a úsáid freisin, más gá, chun an teorainn airgid do vóta don bhliain a mhéadú nó chun leithreasaí i gcabhair lena bhfuiltear ag súil a choigeartú. Pléitear sonraí na meastachán forlíontach a iarrtar ag coistí ábhartha na Dála (sa ráithe dheiridh den bhliain de ghnáth) sula n-iarrtar cead ón Dáil í féin.

**3.18** In 2019, bhí meastacháin fhorlíontacha shubstaintiúla ag teastáil ó thrí vóta déag chun an méid foriomlán a bhí ar fáil a mhéadú.[1] Bhí scála na méaduithe buiséadacha a ceadaíodh do 2019 idir €470,000 don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus os cionn €338 milliún don tSláinte (féach ar Fhíor 3.5).

1 Tugtar 'meastachán forlíontach teicniúil' ar mheastachán forlíontach nach méadaíonn an méid foriomlán atá ar fáil don Vóta. Úsáidtear iad seo chun an maoiniú, a cuireadh ar fáil ar dtús, a bhogadh idir na fo-cheannteidil atá ann cheana.

**Fíor 3.5 Meastacháin fhorlíontacha shubstaintiúla 2019**

| Vóta | Méaduithe ceadaithe (‘000) | Cúis leis an riachtanas breise |
|---|---|---|
| Sláinte | 338,055 | Costais mhéadaithe ar sheirbhísí faoi threoir éilimh mar aisíocaíocht cúraim phríomhúil, seirbhísí cúraim shóisialta agus cúram cónaithe fadtéarmach. |
| An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 100,000 | Bhain íocaíochtaí le faighteoirí leasa shóisialaigh le bónas na Nollag. |
| Oideachas agus Scileanna | 68,000 | Costais mhéadaithe ar nós pá múinteoirí; seirbhísí iompair scoile; Leasuithe ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus bonneagar na scoileanna. |
| Ceartas agus Comhionannas | 33,300 | Costais mhéadaithe do chóiríocht iarrthóirí tearmainn; oibríochtaí scéim sásaimh Magdalen. |
| Oifig an Aire Airgeadais | 21,200 | Socrú dlíthiúil ar imeachtaí a éiríonn as an gcáin aerthaistil a tugadh isteach i mBuiséad 2009. |
| Talmhaíocht, Bia agus Mara | 19,424 | D’fhonn beart cúnaimh a mhaoiniú chun tacú le feirmeoirí mairteola; caiteachas méadaithe faoi scéimeanna talmhaíochta; costas a bhaineann le hullmhúcháin don Bhreatimeacht. |
| An Garda Síochána | 17,500 | Costais slándála mhéadaithe; caiteachas oiliúna agus forbartha faoi threoir éilimh; costais mhéadaithe le stáisiúin a uasghrádú agus a chothabháil. |
| Gnóthaí Leanaí agus Óige | 15,000 | Costais mhéadaithe a bhaineann le seirbhísí cónaithe leanaí. |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 10,000 | Maoiniú méadaithe do mhargaíocht turasóireachta mar gheall ar na neamhchinnteachtaí atá ag teacht chun chinn mar gheall ar an mBreatimeacht; speansais bhreise ar nós costas cíosa agus nuashonruithe córais. |
| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 5,000 | Teastaíonn maoiniú breise do roinnt cásanna casta agus ardphróifíle i rith na bliana. |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 4,104 | Costais mhéadaithe chun bonneagar criticiúil don Bhreatimeacht a chomhlíonadh. |
| Pinsin Airm | 1,900 | Leibhéal níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis maidir le híocaíochtaí a bhaineann le pinsean. |
| Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 470 | Costais earcaíochta mhéaduithe. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Fíor 3.6 Vótaí le meastacháin fhorlíontacha, 2013 go 2019[a]**

| Vóta | | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 | An Garda Síochána | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| 35 | Pinsin Airm | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| 37 | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | | | ● | ● | ● | ● | ● |
| 38 | Sláinte [b] | ● | ● | ● | | ● | ● | ● |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | ● | ● | ● | ● | ○ | ● | ● |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | | ○ | ● | | | ● | ● |
| 24 | Ceartas agus Comhionannas | ○ | | | | | ● | ● |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | | ● | ● | ○ | ○ | ○ | ● |
| 17 | Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí | | ● | ● | | ● | | ● |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | | | ○ | | | | ● |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | | ● | | | ● | ● | |
| 21 | Príosúin | | ● | ● | | | ● | |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | | | | | | ● | |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | | | | | | ● | |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | | ○ | ● | ● | ○ | ○ | ○ |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | | ● | ● | | ● | ○ | ○ |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol | | | ○ | | | | ○ |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | | ○ | | ● | | ○ | |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | | | | | ● | | |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | | | | ○ | | | ○ |
| 36 | Cosaint | | ○ | | ○ | | | |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | | | ● | | | | ● |
| 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | ○ | | ○ | | | | |
| 2 | Roinn an Taoisigh | | ● | | | | | |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | | ○ | | | | | |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | | | | | | | ● |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | | | | | | | ○ |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
● Léirítear méadú ar mheastachán an ghlanchaiteachais i.e. meastachán forlíontach substainteach.

○ Tugann le fios gur €1,000 comharthach an méadú ar ghlanchaiteachas i.e. meastachán forlíontach teicniúil.

a Tá teidil agus uimhreacha na Vótaí de réir Mheastacháin Athbhreithnithe 2019 do Sheirbhísí Poiblí. I gcás roinnt vótaí, d'fhéadfadh go mbeadh teidil éagsúla i bhfeidhm i mblianta roimhe seo inar ceadaíodh meastachán forlíontach.

b Roimh 2015, baineann na sonraí le Vóta FSS. Ó 2015, ní bhíonn vóta ag FSS a thuilleadh. Ó shin i leith, soláthraítear maoiniú ón Státchiste dó trí dheontais ón Vóta Sláinte.

## Fáltais bhreise Státchiste

**3.19** Tá gach fáltas ó ranna agus oifigí rialtais láir faoi dhliteanas a thaisceadh sa Lárchiste, mura gcinnfidh Dáil Éireann go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm mar leithreasaí i gcabhair. I measc samplaí d'fháltais nach gcaitear leo mar leithreasaí i gcabhair tá fáltais na hÉireann ó Chóras Trádála Astuithe an AE, táillí an Údaráis Chlárúcháin Maoine agus fáltais ó fhíneálacha cúirte. Aistrítear iad seo chuig an Lárchiste, agus tugtar fáltais bhreise Státchiste orthu. Is gnách go gcuirtear fáltais amhantair i gcuntas ar an mbealach seo, lena n-áirítear fáltais ó dhíolacháin shuntasacha maoine, fáltais de bhun ioncaim bharrachais nó bhrabúis chuideachtaí Stáit, úis, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil, íocaíochtaí cúitimh agus géilleadh deonach tuarastail.

**3.20** Nuair a tháinig fáltais bhreise ón Státchiste chun cinn in 2019, taispeántar na méideanna i nótaí leis na cuntais leithreasa ábhartha. B'ionann iomlán na bhfáltas breise ón Státchiste a thaifead ranna agus oifigí in 2019 agus €301 milliún (2018: €286 milliún). Tá méid comhiomlán na bhfáltas sin a thuairiscítear i ngach cuntas leagtha amach in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.3).

## Iarscríbhinn 3A Toradh airgeadais an Vóta

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí mheastacháin ar na méideanna a theastaíonn do na seirbhísí sin a cheadú i rith gach bliana, agus trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Déantar foráil don chaiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir an dlí, caithfear cuntas leithreasa a thabhairt ar aird do gach vóta. Caithfidh an cuntas sonraí faoin toradh don bhliain a sholáthar i gcoinne an mhéid a sholáthraíonn Dáil Éireann.

Soláthraíonn Fíor 3A.1 achoimre ar an toradh ar chaiteachas agus ar fháltais i gcoibhneas leis na méideanna a leithreasaíodh do sheirbhísí poiblí in 2019.

Taispeánann Fíor 3A.2 an chaoi ar cuireadh leithreasaí barrachais i bhfeidhm i 2019 — trí chaiteachas a chur siar go 2020, nó trí ghéilleadh don Státchiste.

Taispeánann Fíor 3A.3 fáltais bhreise ón Státchiste a taifeadadh i gcoinne gach vóta in 2019.

Tugtar mínithe thíos ar chuid de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead a dheonaigh (nó a vótáil) Dáil Éireann do gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2018** | Méid an mhaoinithe caipitil nár caitheadh in 2018 agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais ar sheirbhísí caipitil in 2019. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna seo. |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | Fáltais na Roinne ar féidir iad a choinneáil, le comhaontú Dháil Éireann, chun speansais an vóta lena mbaineann siad a íoc. |
| **Leithreasaí iomlána** | Suim an deontais soláthair, airgead caipitil iarchurtha 2018 (más ann) agus leithreasaí i gcabhair. |
| **Barrachas don bhliain** | Barrachas na leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon le haon bharrachas ar leithreasaí i gcabhair. Tá an barrachas don bhliain faoi dhliteanas géilleadh ar ais don Státchiste. |
| **Géilliúint iarchurtha** | Méid an mhaoinithe caipitil nár caitheadh in 2019 a tugadh anonn le haghaidh caiteachais in 2020. Cheadaigh Dáil Éireann an tabhairt anonn seo. |
| **Barrachas le géilleadh** | Méid an airgid a leithreasaíodh in 2019 ach nár caitheadh sa bhliain nó a cuireadh siar go 2020, agus a éilítear mar sin a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais roinne nach leithreasaítear mar chabhair don vóta, ach a aistrítear chuig an Státchiste. |

**Fíor 3A.1 Achoimre ar na leithreasaí do sheirbhísí poiblí in 2019, trí vóta**

| Vóta | Seirbhís | Méid a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Barrachas /easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2018 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Oll-chaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-bharrachas (easnamh) | Barrachas /(easnamh) i bhfáltais | Glan-bharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 21 | Príosúin | 349,536 | - | 9,476 | 359,012 | 357,896 | 10,284 | 347,612 | 1,116 | 808 | 1,924 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 90,624 | 2,500 | 47,781 | 140,905 | 139,416 | 47,084 | 92,332 | 1,489 | (697) | 792 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 30,449 | 56 | 610 | 31,115 | 29,727 | 639 | 29,088 | 1,388 | 29 | 1,417 |
| 24 | Ceartas agus Comhionannas | 457,014 | 942 | 98,134 | 556,090 | 540,083 | 91,105 | 448,978 | 16,007 | (7,029) | 8,978 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,662 | - | 89 | 6,751 | 5,973 | 92 | 5,881 | 778 | 3 | 781 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 9,868,656 | - | 512,390 | 10,381,046 | 10,373,414 | 511,021 | 9,862,393 | 7,632 | (1,369) | 6,263 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 543,826 | - | 1,100 | 544,926 | 543,601 | 1,186 | 542,415 | 1,325 | 86 | 1,411 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 212,500 | - | 58,951 | 271,451 | 266,384 | 69,213 | 197,171 | 5,067 | 10,262 | 15,329 |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol | 421,991 | 15,000 | 242,711 | 679,702 | 587,170 | 236,493 | 350,677 | 92,532 | (6,218) | 86,314 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 1,323,107 | 22,000 | 333,317 | 1,678,424 | 1,635,121 | 388,443 | 1,246,678 | 43,303 | 55,126 | 98,429 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 2,326,869 | 18,366 | 24,964 | 2,370,199 | 2,301,192 | 25,791 | 2,275,401 | 69,007 | 827 | 69,834 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 896,966 | 27,600 | 53,272 | 977,838 | 929,268 | 58,977 | 870,291 | 48,570 | 5,705 | 54,275 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 335,195 | 700 | 3,764 | 339,659 | 335,343 | 5,046 | 330,297 | 4,316 | 1,282 | 5,598 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 3,937,303 | - | - | 3,998,478 | 3,960,523 | 63,231 | 3,897,292 | 37,955 | 2,056 | 40,011 |
| 35 | Pinsin Airm | 246,033 | - | 5,000 | 251,033 | 250,966 | 5,081 | 245,885 | 67 | 81 | 148 |
| 36 | Cosaint | 735,313 | - | 22,735 | 758,048 | 756,094 | 32,154 | 723,940 | 1,954 | 9,419 | 11,373 |
| 37 | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 10,699,773 | 1,000 | 217,700 | 10,918,473 | 10,871,161 | 223,035 | 10,648,126 | 47,312 | 5,335 | 52,647 |
| 38 | Sláinte | 17,030,315 | - | 460,000 | 17,490,315 | 17,459,254 | 463,858 | 16,995,396 | 31,061 | 3,858 | 34,919 |
| 39 | Oifig um Sholáthar Rialtais | 18,031 | 96 | 450 | 18,577 | 16,164 | 492 | 15,672 | 2,413 | 42 | 2,455 |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | 1,497,676 | - | 27,637 | 1,525,313 | 1,517,775 | 27,064 | 1,490,711 | 7,538 | (573) | 6,965 |
| 41 | Údarás Póilíneachta | 3,324 | - | 52 | 3,376 | 2,845 | 65 | 2,780 | 531 | 13 | 544 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 260,682 | - | 30,520 | 291,202 | 290,683 | 40,305 | 250,378 | 519 | 9,785 | 10,304 |
| | **Iomlán** | **54,582,294** | **93,009** | **2,691,119** | **57,366,422** | **56,880,277** | **2,881,461** | **53,998,816** | **486,145** | **190,342** | **676,487** |

| Vóta | Seirbhís | Méid a leithreasaíodh | | | | Toradh | | | Barrachas /easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2018 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Oll-chaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-bharrachas (easnamh) | Barrachas /(easnamh) i bhfáltais | Glan-bharrachas don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 4,434 | - | 82 | 4,516 | 3,655 | 78 | 3,577 | 861 | ( 4) | 857 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 34,337 | - | 929 | 35,266 | 25,188 | 707 | 24,481 | 10,078 | ( 222) | 9,856 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 15,592 | - | 761 | 16,353 | 15,153 | 580 | 14,573 | 1,200 | ( 181) | 1,019 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 54,714 | - | 1,449 | 56,163 | 55,192 | 2,298 | 52,894 | 971 | 849 | 1,820 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 42,809 | - | 910 | 43,719 | 43,090 | 895 | 42,195 | 629 | ( 15) | 614 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 39,616 | - | 955 | 40,571 | 40,437 | 988 | 39,449 | 134 | 33 | 167 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 60,916 | - | 1,380 | 62,296 | 60,166 | 1,333 | 58,833 | 2,130 | ( 47) | 2,083 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 8,657 | - | 5,981 | 14,638 | 13,799 | 7,764 | 6,035 | 839 | 1,783 | 2,622 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 382,684 | - | 67,487 | 450,171 | 449,066 | 70,541 | 378,525 | 1,105 | 3,054 | 4,159 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 3,208 | - | 140 | 3,348 | 1,772 | 49 | 1,723 | 1,576 | ( 91) | 1,485 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 58,993 | - | 2,463 | 61,456 | 59,545 | 2,676 | 56,869 | 1,911 | 213 | 2,124 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 371,298 | - | 243,603 | 614,901 | 598,656 | 337,680 | 260,976 | 16,245 | 94,077 | 110,322 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 439,738 | - | 24,205 | 463,943 | 455,131 | 24,314 | 430,817 | 8,812 | 109 | 8,921 |
| 14 | Saotharlann Stáit | 9,795 | - | 1,066 | 10,861 | 10,831 | 1,623 | 9,208 | 30 | 557 | 587 |
| 15 | Seirbhís Rúnda | 1,250 | - | - | 1,250 | 984 | - | 984 | 266 | - | 266 |
| 16 | An Oifig Luachála | 12,730 | - | 1,362 | 14,092 | 10,810 | 1,486 | 9,324 | 3,282 | 124 | 3,406 |
| 17 | Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 15,328 | - | 175 | 15,503 | 14,810 | 253 | 14,557 | 693 | 78 | 771 |
| 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 50,324 | 1,168 | 5,740 | 57,232 | 47,479 | 5,833 | 41,646 | 9,753 | 93 | 9,846 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 11,718 | - | 456 | 12,174 | 10,418 | 416 | 10,002 | 1,756 | (40) | 1,716 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,672,308 | 3,581 | 120,147 | 1,796,036 | 1,794,042 | 121,288 | 1,672,754 | 1,994 | 1,141 | 3,135 |

Foinse: 2019 Cuntais Leithreasa. Tá aon difríochtaí is cosúil a bheith sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nóta: a Tá an glanbharrachas comhdhéanta de bharrachas na leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon leis an mbarrachas/easnamh ar leithreasaí i gcabhair.

**Fíor 3A.2 Feidhmiú leithreasaí barrachais 2019, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Barrachas don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go dtí 2020) | Barrachas le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 858 | — | 858 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 9,856 | — | 9,856 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,019 | — | 1,019 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 1,820 | — | 1,820 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 614 | — | 614 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 167 | — | 167 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 2,083 | — | 2,083 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 2,622 | — | 2,622 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 4,159 | — | 4,159 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 1,485 | — | 1,485 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 2,124 | 146 | 1,978 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 110,322 | — | 110,322 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 8,921 | 8,000 | 921 |
| 14 | Saotharlann Stáit | 587 | — | 587 |
| 15 | Seirbhís Rúnda | 266 | — | 266 |
| 16 | An Oifig Luachála | 3,406 | — | 3,406 |
| 17 | Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 771 | 150 | 621 |
| 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 9,846 | 1,024 | 8,822 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 1,716 | — | 1,716 |
| 20 | An Garda Síochána | 3,135 | — | 3,135 |
| 21 | Príosúin | 1,924 | — | 1,924 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 793 | — | 793 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 1,417 | — | 1,417 |
| 24 | Ceartas agus Comhionannas | 8,978 | — | 8,978 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 781 | — | 781 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 6,263 | — | 6,263 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 1,411 | — | 1,411 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 15,330 | — | 15,330 |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol | 86,313 | 27,296 | 59,017 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 98,430 | 19,800 | 78,630 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 69,834 | 48,611 | 21,223 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 54,275 | 42,150 | 12,125 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 5,597 | 3,435 | 2,162 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 40,011 | 33,500 | 6,511 |
| 35 | Pinsin Airm | 148 | — | 148 |
| 36 | Cosaint | 11,374 | — | 11,374 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 52,647 | 1,187 | 51,460 |
| 38 | Sláinte | 34,919 | 30,000 | 4,919 |
| 39 | Oifig um Sholáthar Rialtais | 2,455 | 59 | 2,396 |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | 6,965 | — | 6,965 |
| 41 | Údarás Póilíneachta | 544 | — | 544 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 10,304 | — | 10,304 |
| | **Iomlán** | **676,490** | **215,358** | **461,132** |

Foinse: 2019 Cuntais Leithreasa

**Fíor 3A.3 Fáltais bhreise ón Státchiste 2019, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 43 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | — |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 10,715 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 42 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,588 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | — |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 19 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — |
| 14 | Saotharlann Stáit | — |
| 15 | Seirbhís Rúnda | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — |
| 17 | Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — |
| 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 12 |
| 20 | An Garda Síochána | 5,000 |
| 21 | Príosúin | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 8,344 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 69,865 |
| 24 | Ceartas agus Comhionannas | 25 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | — |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 716 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | — |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | — |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol | 123,191 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 1,124 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 50,680 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 9,131 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 17 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 15,256 |
| 35 | Pinsin Airm | — |
| 36 | Cosaint | 12 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 22 |
| 38 | Sláinte | 50 |
| 39 | Oifig um Soláthar Rialtais | 544 |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | 4,455 |
| 41 | Údarás Póilíneachta | — |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 15 |
| | **Iomlán** | **300,866** |

Foinse: 2019 Cuntais Leithreasa